CINNEADH (CBES) 2022/2538 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Nollaig 2022

maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 7 Nollaig 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2210 ([2]) lena gcuirtear síneadh le sainordú Christopher REYNOLDS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

(3) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2445 ([3]) lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Somalia go dtí an 31 Nollaig 2024.

(4) An 17 Samhain 2022, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 187, 17.7.2012, lch. 40.
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/2210 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 7 Nollaig 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2021) (IO L 447, 14.12.2021, lch. 3).
([3]) Cinneadh (CBES) 2022/2445 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 319, 13.12.2022, lch. 91).